# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

08 Meitheamh 2023 || Eagrán 150

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Tionól an Iarthair

**Tháinig Oifigigh Pleanála Teanga an Iarthair le chéile ag Comharchumann Dhúiche Sheoigheach le gairid le haghaidh tionól de chuid Údarás na Gaeltachta. Thug OPT Dhúiche Sheoigheach/ Thuar Mhic Éadaigh, Stiofán Seoighe cur i láthair iontach ar an lá, chomh maith le Micheál S Mac Donnacha ó COGG. Bhí deis iontach ar an lá ag na hOPT tuairimí a phlé agus comhairle a roinnt lena chéile. Tá na hOPT ag súil go mór leis an gcéad cheann eile.**









# AIFREANN AR AN TRÁ: LÁ AN PHATRÚIN

Beidh Aifreann ar fáil ar an Aoine 9 Meitheamh @ 7i.n., ar Thrá na Tulaigh mar cheiliúradh ar Lá an Phatrúin. Rinne Paddy O Toole roinnt oibre ag an suíomh le gairid le níos mó eolais a thabhairt don phobal maidir le cén áit go díreach arbh fhéidir teacht ar Thobar agus Bád Cholmcille. Tá an greanadh cloiche seo le feiceáil ar an trá, gar d'Altóir Cholmcille.

# SCÉIM CÁILÍOCHTA AG AN IONAD TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH

Tá Scéim Cáilíochta an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh á sheoladh ag an ITT le haghaidh 2023-2024. Scéim nua í seo a chuirfidh sparánacht ar fáil chun cáilíocht a bhaint amach i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Cuirfear taithí oibre ar fáil san ITT mar chuid den oiliúint, agus beidh post san ITT i ndiaidh an cháilíocht a bhaint amach mar chuid den Scéim. Tá eolas breise faoin Scéim ar fáil ag ancranntaca.wordpress.com, 091-593132 nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig eolas@ittancranntaca.ie.



# CRUINNIÚ POIBLÍ: COMHLACHT FORBARTHA AN SPIDÉIL

Tá cruinniú poiblí á reáchtáil ag Comhlacht Forbartha an Spidéil ar an Máirt 13 Meitheamh @ 7:30i.n. ag Scoil Éinne, i halla na scoile. Le bliain anuas tá roinnt oibre déanta ag an gComhlacht ag athstruchtúrú. Beidh deis ag an bpobal bualadh le Bainisteoir Ginearálta nuacheaptha an Chomhlachta, Pádraic Mac Diarmada ar an oíche, chomh maith le Cathaoirligh na bhfochoistí oibre atá curtha le chéile ag an gComhlacht mar chuid den athstruchtúrú. Chun treoir agus cruth a chur ar obair an Chomhlachta sna blianta atá romhainn, tá an Comhlacht ag ullmhú plean gnímh chúig bliana agus beidh deis ag an bpobal ionchur a bheith acu sa bplean seo ar an oíche freisin. Má tá breis eolais ag teastáil is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig anspideal2022@gmail.com nó is féidir glaoch a chur ar an gCathaoirleach Stiophán Mac Suibhne (086 2400006).

# AISTEOIRÍ ÓGA AG TEASTÁIL!

Tá Fíbín Media sa tóir ar ghlórtha aisteoirí óga le haghaidh sraith dhrámaíochta raidió. Tá an tsraith bunaithe ar ghrúpa cairde a théann sa tóir ar fhreagraí i ndiaidh eispéireas ait agus iad ag campáil. Má tá tú idir 12-14 agus má tá suim agat san aisteoireacht ghutha, is féidir físeán a sheoladh ar WhatsApp ag an uimhir 085 138 9582 nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig eolas@fibinmedia.ie Glacfar le hiarratais suas go dtí Dé hAoine 9 Meitheamh.



# TURAS CULTÚIR & OIDHREACHTA

## Turas Cultúir & Oidhreachta

### Dé Céadaoin 21 Meitheamh

Mionbhus ag fágail Casla @ 9:00r.n.




Tobar Naomh Anna



Teach Scríbe



An Dóilín




An Garraí Glas

Caithfí clárú roimh ré: optchoisfharraige@gmail.com (083 010 6294)
Costas: €10 (Turas & Lón san áireamh)

Is í an Ghaeilge teanga an imeachta seo.

Glór na nOileán · Cois Fharraige · Pobal Rua

# LÁ SPRAOI NA GAEILGE

**Tá Lá Spraoi na Gaeilge á reáchtáil ag Teanga Tí - Glór na nGael ar an Satharn 10 Meitheamh ar an bPáirc Astro ag CLG Bóthar na Trá, Cnoc na Cathrach. Beidh neart imeachtaí agus tograí speisialta ar siúl ar an lá idir íoga, ceardaíocht, ceol agus scéalaíocht chomh maith le péinteáil aghaidheanna, balúnadóireacht agus taispeántas ó na Garda Síochána agus Pastime Chonamara. Chomh maith le sin, beidh seastáin eolais ann ar an lá freisin ag Gaillimh le Gaeilge, FutaFata, Gaeilge ABC, Coimicí Gael agus Conradh na Gaeilge.**

| | |
|---|---|
| 13:00 - 13:45 | **Ceardaíocht** le hÓgras |
| 14:00 - 15:00 | **Ceardlann Íoga** Óga yoga |
| 15:00- | **Fearais Iascaireachta** le Pádraic Ó Ceallaigh **Leighis is Bia Chladaigh** Le Máirtín Davy |

| | |
|---|---|
| 12:30 13:30- | **Ceol & Sceálaíochta do pháistí óga** Julie Anne de Brún |
| 13:30 - 14:30 | **Coimicí Gael Ceardlann Cartúin** le hAiden Courtney |
| 14:30- 15:30 | **Ceardlann Drumaí** le hEamon Carrick |

TEANGA TÍ
Scéim Teaghlaigh · Glór na nGael

**Péinteáil Aghaidheanna**

**Giggles** an fear grinn

**Balúnadóireachta** Jess McGinley

**Taispeántas** na Gardaí

**Taispeántas** Cosaint Shibhialta

**Taispeántas** Pastime Chonamara



**Seastáin Eolais le heagraíochtaí náisiúnta & áitiúla**

Gaillimh le Gaeilge · Gaeloideachas · Futa Fata · Coimicí Gael · Gaeilge ABC
Conradh na Gaeilge · Áras na Gael · PT Cathair na Gaillimhe · Spraoi mara Óga Yoga

# LÁ GLANTACHÁIN AR NA CLADAÍ

Beidh 'Glanadh Suas' á eagrú ar na cladaí i gCois Fharraige ag Fochoiste Timpeallachta an Chumann Forbartha ar an Satharn 10 Meitheamh. Cheana féin tá daoine tar éis a chur in iúl go mbeidh siad freagrach as stráicí áirithe den chladach a choinneál glan ach tá roinnt bearnaí fós ann. Ar an Satharn beidh málaí agus miotógaí ar fáil ón bhfochoiste ag Seanscoil Sailearna idir 9.00 agus 9.30 r.n. Tá scipe bruscair eagraithe ag Cumann Forbartha Chois Fharraige, i gcomhphairt le Comhairle Chontae na Gaillimhe le fáil réidh leis an méid a bhaileofar ar an lá.

# COMÓRTAS PEILE NA GAELTACHTA

Cé nár éirigh leis Na Breathnaigh sa gcluiche ceannais i bPeil Sóisear na mBan in aghaidh An Clochán Liath an deireadh seachtaine seo i gComórtas Peile na Gaeltachta, dúirt Cathaoirleach Chumann Micheál Breathnach go raibh an cumann an-bhródúil as an bhfoireann dul chomh fada leis an gcluiche ceannais. Ghlac sé buíochas leis na daoine go léir a chabhraigh leis an gcumann an fhoireann a réiteach 's a chur go Dún na nGall. Dúirt sé go seasfadh an deireadh seachtaine dóibh agus iad ag réiteach don chraobhchomórtas a bheas ag tosú go gairid. Ba é foireann ban na mBreathnaigh an t-aon fhoireann ó Chois Fharraige a cháiligh le imirt ag an gComórtas Náisiúnta Peile. Beidh siad ag díriú anois ar na cluichí sraithe atá fágtha, ag réiteach don chraobhchomórtas agus ag súil le seans a fháil an chéad bhliain eile i gCill na Martra, i nGaeltacht Chorcaí.

# TIONSCNAMH SMACHTÚ RÓSLABHRAS

Tá turas lae á reáchtáil ag an eagraíocht 'Ciotóg' ar an Satharn 10 Meitheamh. Baineann an turas leis an Tionscnamh Smachtú Róslabhras in Abhanntrach Bhun Dorcha. Tugann an tionscnamh seo maoiniú d'fheirmeoirí chun an ruaig a chur ar an róslabhras san abhanntrach. Ar an turas, tabharfaidh an feirmeoir Martin Gavin agus an t-eiceolaí Conor Ryan léargas praiticiúil ar an obair atá ar siúl ag an tionscnamh. Cuirfear tús leis an turas lae @ 10r.n. ag Eastát Tionscail Chasla (Mylan), áit a bheas bus ar fáil, saor in aisce. Casfar ar an bhfoireann @ 11r.n. agus tabharfar léargas ar na modhanna éagsúla atá á chur i bhfeidhm le fáil réidh leis an róslabhras, mar shampla, cóireáil stumpaí agus gais, trealaimh cosanta pearsanta, úsáid tuanna, sábh slabhrach agus fiailnimh. Beidh lón ar fáil ag Tigh Hamilton. Ina dhiaidh sin, tabharfar cuairt ar Abhanntrach Bhun Dorcha, chomh maith le suíomhanna íogair phortaigh agus cois abhainn ina bhfuil úsáid á bhaint as bealaí nua cóireála stumpaí agus gais. Fillfear ar Chasla @ 2:15i.n. Le spás a chur in áirithe, nó le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le eolas@ciotog.ie nó 087 412 1775



eolas@ciotog.ie

# 12 X RANG TIOMÁNA LE BUACHAINT



# Tosaigh ag tiomáint an Samhradh seo

Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag tabhairt deis do dhaoine óga atá ag smaoineamh tosnú ag tiomáint an samhradh seo, pacáiste ranganna tiomáint do 12 rang a bhuachaint. (Luach €600)

Comórtas oscailte do scoláirí atá ag freastal ar an trí Mheán Scoil i gcomhcheangal an Chomhar Creidmheasa :
(Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Coláiste Cholmcille agus Coláiste Chroí Mhuire)

Scanáil anseo

**RIALACHA**

- *Ní gá cuntas a bheith agat sa Chomhar Creidmheasa*
- *Oscailte do Scoláirí meánscoilanna amháin*
- *Is gá dóibh a bheith 17 nó ós chionn*

**Foirm Iarratais ar líne ag www.cccholmcille.ie/tiomaint**

Comórtas oscailte go dtí 23ú Meitheamh

# Ádh Mór!

le muintir na Sraithe Shinsearach &

na Sraithe Shóisearach

agus na scrúduithe ag tosú an

tseachtain seo

COIS FHARRAIGE

fóram um pleanáil teanga